


Fís Iompair le haghaidh Gaillimh

Gach páirt den chóras iompair
ag obair le chéile...



...chun réiteach comhtháite
inbhuanaithe a bhaint amach.

Réamhrá

Is mian le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe leanúint dá bhfís do Ghaillimh a fhorbairt, is é sin le rá, go mbeidh gach gné den réimse iompair ag feidhmiú in éineacht lena chéile chun réiteach inbhuanaithe comhtháite a bhaint amach. Aithníonn an fhís seo go bhfuil acmhainn tábhachtach agus luachmhar ag Réigiún an Iarthair ina timpeallacht ó thaobh oidhreacht náisiúnta le héagsúlacht fairsing de speiceas agus gnáthóga le tábhacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le seo, tá an fhís chomhfhiúsa faoin gá le nasc cumarsáide a bhunú chun cinntiú go bhfuil an réigiún in ann fás agus chun rogha malartach a thairiscint in ionad conair an chósta thoir. Is é príomhaidhm an fhís seo ná chun Cathair na Gaillimhe agus a ceantair máguaird a chur ag obair agus ag feidhmiú ar slí inbhuanaithe i gcomhair an todhcháí.

Bíonn fadhbanna suntasacha iompair ann i gCathair na Gaillimhe, amhail an méid seo a leanas:

- Plódú buaicuaire agus éiginnteacht faoin bhfad ama chun aon turas áirithe a dhéanamh;
- An iomarca spleáchais ar ghluasteaín phríobháideacha;
- Easpa modhanna malartacha iompair; agus
- Easpa spáis bóthair chun forbairt a dhéanamh ar Shoghluasteacht Chliste agus ar Iompar Poiblí.

San fhís maidir le cúrsaí iompair atá á forbairt chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin, áirítear Soghluasteacht Chliste, Iompar Poiblí agus Trasbhealach Nua ar Abhainn na Gaillimhe.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil gá le faoiseamh ó phlódú tráchta chun spás a chruthú ar ghréasán shráideanna na cathrach le gur féidir bearta soghluaisteachta cliste agus iompair phoiblí a chur i bhfeidhm. De réir na staidéar atá déanta go dtí

seo, is léir nach féidir an méid sin a bhaint amach gan droichead eile a bheith ann thar Abhainn na Gaillimhe. Mar chuid de Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe, daingníodh gur féidir trasbhealach den sórt sin a chur ar fáil agus táthar tar éis suíomh tosaíochta don trasbhealach sin a shainaithint.

Mar thoradh ar an gcloch mhíle thábhachtach sin, beifear in ann clár beart níos mionsonraithe a fhorbairt chun an fhís iompair do Ghaillimh a chur i gcrích. I gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag dul i mbun próisis chun athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar thograí iompair don chathair d'fhonn 'straitéis iompair' atá comhleanúnach agus comhtháite a ullmhú – agus déanfar an straitéis sin a cheapadh mar '**Clár Comhtháite Bainistithe Iompair do Ghaillimh**'. Déanfar na bearta soghluaisteachta cliste, iompair phoiblí agus bonneagair a bheidh ag teastáil a leagan amach sa chlár sin agus beifear in ann iarratais ar phleanáil agus ar mhaoiniúchán a dhéanamh dá bharr.

Sa Chlár Comhtháite Bainistithe Iompair do Ghaillimh, tabharfar eolas i dtaobh conas a rannchuideoidh an droichead nua thar Abhainn na Gaillimhe agus **Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe** le forbairt réitigh chomhtháite iompair do Ghaillimh. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus tacaíocht aici ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), tiomanta i leith an chonair seo, ar laistigh di is féidir bonneagar nua bóthair a chur ar fáil, a shnaidhmeadh leis an bpacáiste beart atá ag teacht chun cinn ó na tionscadail iompair phoiblí agus soghluaisteachta cliste ionas go gcinnteofar go mbeidh réiteach deiridh ann atá inbhuanaithe agus inbhainte amach.



Tá gá le faoiseamh ón trácht i lár na cathrach




Tá gá le spás chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le soghluaisteacht chliste agus iompar poiblí



Tá gá le droichead eile trasna na habhann



Sa straitéis, áirítear léarscáiliú ar mhianlíní tionscnaimh agus cinn scríbe chun a fháil amach conas is fearr is féidir seirbhís iompair phoiblí a sholáthar chun freastal ar an éileamh agus chun idircheangailteacht traschathrach a fheabhsú, sainaithint na gcaolas bóthair atá ann ó thaobh cúrsaí bonneagair de, tástáil i ndáil le bainistiú éilimh agus na féidearthachtaí a bhaineann le 'páirceáil agus taisteal'. Is é a bheidh san aschur deiridh ná an cur chuige is fearr is féidir i leith creata uilechuimsithigh iompair lena ndéanfar uasmhéadú ar na féidearthachtaí maidir le hacmhainneacht a chruthú ar mhodh aistrithe córa iompair agus ar mhodh feabhsúchán bonneagair araon chun freastal ar riachtanais chathair na Gaillimhe faoi láthair agus amach anseo.



Na Príomhghnéithe

1. Ceangal le hiarthar Chontae na Gaillimhe agus le réigiún na Gaeltachta
2. Laghdú ar an trácht a théann trí shráidbhaile Bhearna
3. Ceangal le Cnoc na Cathrach a chur ar fáil
4. Droichead nua thar Abhainn na Gaillimhe, rud a cheanglóidh an t-iarthar agus an t-oirthear le chéile
5. Ceangail a sholáthar idir na bóithre náisiúnta
6. Rochtain a sholáthar ar limistéir thionscail na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh
7. Acomhal saorshreafa a thugann ceangal leis an N6 láithreach



An Chonair atá ag teacht chun cinn mar an Bealach Is Fearr

Déantar ceangal idir an N6 beartaithe agus an R336 ag acomhal timpealláin comhleibhéil atá suite tuairim is 2km siar ó Shráidbhaile Bhearna agus, uaidh sin, téann sé ó thuaidh agus soir ar an taobh ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna agus ar aghaidh uaidh sin i dtreo Leitrí. Tá sé beartaithe timpeallán comhleibhéil a shuiteáil sna Foraí Maola chun íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar ar thithe cónaithe sa suíomh sin. Soláthraíonn an chuid seo seachród éifeachtach carrbhealaigh aonair timpeall shráidbhaile Bhearna agus, chomh maith leis sin, ceanglaíonn sí an R336 agus Conamara leis an ngréasán Bóithre Náisiúnta.

Tá sé beartaithe acomhail chomhleibhéil a shuiteáil freisin ag an bpointe trasnaithe den bhóthar ó Bhearna go Maigh Cuilinn agus ag Bóthar an Mhóinín, rud a chuirfidh ceangailteacht ar fáil le Cnoc na Cathrach agus a shaorfaidh acmhainneacht ar an

ngréasán bóthair chun conair iompair phoiblí a sholáthar ó na fo-bhailte thiar. Tá sé beartaithe débhealach a thógáil ó bhaile fearainn Leitrí agus acomhal leibhéal scartha ann chun ceangal a dhéanamh leis an N59. Ceanglaíonn nasc nua bóthair an N59 leis an N6 beartaithe ó thuaidh ó Theampall Pháirc na Sceach agus ó Bhóthar Stiofáin.


Leanann an N6 beartaithe ar aghaidh ansin i gcodanna 'gearr is líon', ar an N59 ag an Daingean, trí thailte áineasa Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus thar Abhainn na Gaillimhe ar dhéanmhas droichid. Tá an suíomh sin sainaitheanta mar an pointe trasnaithe is fearr ar Abhainn na Gaillimhe.

Ar an taobh thoir den abhainn, tá an N6 beartaithe suite ar chlaíocht nó ar dhéanmhais tarbhealaigh de ghnáth, sula dtéitear isteach i gclais roimh thollán ag Cairéal Leacaigh. Trí na tarbhealaí agus an tollán sin a sholáthar ag Cairéal Leacaigh, cumasófar trasnú an Limistéir Caomhantais Speisialta is iarrthóir (cSAC) mar chuid de Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe gan tionchar díreach

a imirt ar ghnáthóg larscríbhinn I.

Tar éis an tolláin, leantar ar aghaidh ar chlaíocht agus téitear thar an N84. Déantar acomhail tráchtsoilse leibhéal scartha a sholáthar ag an N84 agus ag an N17. Éascaíonn an t-acomhal sin rochtain ardchaighdeán ar an bPáirc Mhór agus ar Bhaile an Bhriotaigh agus, ar an dóigh sin, saorfar acmhainneacht ar an ngréasán áitiúil bóthair i gCnoc Mhaoil Drise.

Ina dhiaidh sin, leanann an N6 beartaithe ar aghaidh trí thollán claise, clúdaithe ó thuaidh ó Ráschúrsa na Gaillimhe agus tiontaíonn sé ó dheas ansin chun ceangal a dhéanamh le hacomhal uileghluaiseachta leibhéal scartha ó dheas ó Acomhal láithreach Chnoc Mhaoil Drise, i mbaile fearainn Chúil Each. Mar thoradh ar theacht le chéile na ngluaiseachtaí go léir ag an acomhal aonair seo i limistéar ina bhfuil ionad ceannasach cheana féin ag N6 sa tírdhreach, laghdaítear na tionchair ar an timpeallacht ghilactha i Sráidbhaile




Chúil Each. Ina theannta sin, soláthraíonn sé pointe soiléir críochnaithe d'fhoirceann thiar an N6.

Comhlíonann an N6 beartaithe cuspóirí an tionscadail agus seachnaíonn sé tionchair dhíreacha ar ghnáthóg thosaíochta ainmnithe. Tá an bealach atá roghnaithe, ar bealach é atá 16.5km ar fad agus idir 25m agus 75m ar leithead, suite laistigh den chonair thosaíochta 150m ar leithead atá ag teacht chun cinn agus tá se ceaptha chun laghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an tionchar ar mhaoín chónaitheach. Is é atá i gcostas measta na scéime ná suim thart ar 500M.



Cad é is cuspóir don chomhairliúchán seo?

- Mionsonraí a sholáthar faoin gConair Thosaíochta atá ag teacht chun cinn do Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe
- Tuairimí a lorg faoi na staidéir leanúnacha ar ghnéithe inbhuanaitheachta an réitigh fhoriomláin iompair
- Buneolas a thabhairt faoin gClár Comhtháite Bainistithe Iompair



Cad a tharlóidh anois?

Sa Chlár Comhtháite Bainistithe Iompair, leagfar amach clár iompair 20 go 30 bliain do Chathair na Gaillimhe. Beidh bearta siúil, rothaíochta, bus agus iarnróid ann sa Chlár, chomh maith le bainistiú soghluaisteachta d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar iompar i mótarfheithiclí príobháideacha agus, ar an dóigh sin, méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as modhanna iompair inbhuanaithe.

Nuair a bheidh an Clár curtha ar bun sa bhliain 2015, déanfar na mórscéimeanna ar leithligh atá ann sa Chlár a fhorbairt agus a chur faoi réir na ngnáthphróiseas planála.

Tar éis an chonair thosaíochta atá ag teacht chun cinn don bhealach a bheith ar taispeáint go poiblí, déanfar aighneachtaí a gheofar ó dhaoine den phobal a phróiseáil agus a ionchorprú isteach i gcéim na dearthóireachta más féidir sin. Déanfar an chonair thosaíochta atá ag teacht chun cinn a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá.

Foilseofar Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh agus déanfar an chonair thosaíochta don bhealach a mholadh sa tuarascáil sin.



Mura bhfuil tú in ann freastal a dhéanamh ar thaispeántas an chomhairliúcháin phoiblí, is féidir na tograí a iniúchadh ag an seoladh thíos go dtí an 12 Meitheamh 2015. Iarrtar ort aighneachtaí a thíolacadh faoin 12 Meitheamh 2015.

An Clár Comhtháite Bainistithe Iompair

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Halla na Cathrach
Bóthar an Cholóiste
Gaillimh

t 091 536400
e ITMP@galwaycity.ie

Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe

Corporate House
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh

t 091 460675
e N6GCOB@arup.com

Chun tuilleadh faisnéise agus faisnéis cothrom le dála a fháil faoi Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe a fháil, téigh chuig ár sainláithreán gréasáin tionscadail, le do thoil, ag

www.n6galwaycity.ie